Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13724/21**

**ECOFIN 1070**
**UEM 339**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Samhain 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13171/21 |
| Ábhar: | Todhchaí an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 9 Samhain) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhthéacs na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3822ú cruinniú dá cuid, an 9 Samhain 2021.

**<u>TODHCHAÍ AN tSEIMEASTAIR EORPAIGH</u>**
**<u>I gCOMHTHÉACS NA SAORÁIDE TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA</u>**

**- CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur coigeartaíodh go sealadach in 2020 an creat le haghaidh comhordú bliantúil na mbeartas eacnamaíoch, fioscach agus fostaíochta ar fud an Aontais Eorpaigh, ar a dtugtar an Seimeastar Eorpach, mar gheall ar phaindéim COVID-19 chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí diúltacha sláinte agus socheacnamaíocha. Rinneadh coigeartú sealadach ar an Seimeastar Eorpach in 2021 freisin mar gheall ar imthosca nua eacnamaíocha agus ar an bhfreagairt Eorpach ar ghéarchéim COVID-19 agus dhírigh an treoir bheartais ar bheartais fhioscacha amháin, ós rud é díríodh ar ullmhú, ar ghlacadh agus ar chur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta.

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur rannchuidigh an coigeartú a rinneadh ar an Seimeastar Eorpach in 2020 agus in 2021, lena n-áirítear maidir le treoir fhioscach, le gníomhaíochtaí beartais a chomhordú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bpaindéim, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú le téarnamh inbhuanaithe. AONTAÍONN SÍ go raibh an Seimeastar Eorpach ina chreat inchreidte agus solúbtha le haghaidh chomhordú bheartas eacnamaíoch, fioscach agus fostaíochta an Aontais le linn na tréimhse eisceachtúla sin freisin.

3. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go leanfaí den Seimeastar Eorpach agus den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, gan dúbailt, chun dul i ngleic le tionchar na géarchéime agus chun cuidiú leis an athléimneacht eacnamaíoch agus le fás inbhuanaithe dinimiciúil cuimsitheach fadtéarmach a neartú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an gcóineasú i measc gheilleagair an Aontais. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, leis an Seimeastar Eorpach, leanúint d’fhaireachas cuimsitheach a áirithiú ar bheartais fhioscacha, airgeadais, eacnamaíocha agus fostaíochta, agus gur cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh leis ar rioscaí agus ar dhúshláin atá fós ann agus atá ag athrú, agus bearnaí beartais a bhrath, agus a áirithiú go ndéanfar obair leantach orthu. Ba cheart aird ar leith a thabhairt sa Seimeastar Eorpach ar an aistriú glas agus digiteach, nach mór a bheith ina phríomhspreagthóir téarnaimh; ba cheart fás eacnamaíoch inbhuanaithe, margaí saothair dea-fheidhmiúla agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn leis.

4. IARANN SÍ go bhfillfí go pras ar phríomhghnéithe an tSeimeastair Eorpaigh i dtimthriall 2022, go háirithe athbhunú tuarascálacha tíre agus moltaí tírshonracha. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an próiseas leanúnach téarnaimh, na héiginnteachtaí a bhaineann leis sin agus cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a chur san áireamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go ndíreofaí le moltaí tírshonracha ar réimse cuimsitheach dúshlán a bhaineann le beartais eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil iarmhairtí móra acu.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá comhlántacht a áirithiú agus sineirgí idir an Seimeastar Eorpach agus cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a fhiosrú, lena n-áirítear ceanglais tuairiscithe a shruthlíniú, nuair is féidir, chun ualach iomarcach riaracháin agus forluí a sheachaint. TÁ SÍ AG SÚIL leis an treoir luath ón gCoimisiún maidir le ceanglais náisiúnta tuairiscithe agus faireacháin, go háirithe maidir leis na híoscheanglais do na cláir náisiúnta bhliantúla um athchóiriú.

6. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá idirphlé oscailte le seirbhísí an Choimisiúin maidir le beartais náisiúnta eacnamaíocha, fhioscacha agus fostaíochta le linn thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh. D’fhéadfadh tuiscint fhrithpháirteach leathan ar riachtanais bheartais náisiúnta úinéireacht náisiúnta a mhéadú sa Seimeastar Eorpach agus cur le cur chun feidhme feabhsaithe na n-athchóirithe beartais ábhartha. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór trédhearcacht an phróisis a áirithiú in éineacht le húinéireacht náisiúnta.

7. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil faireachas iltaobhach agus na hathbhreithnithe piaraí gaolmhara lárnach i gcomhordú bheartas eacnamaíoch an Aontais faoin Seimeastar Eorpach. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil anailís ardchaighdeáin agus moltaí beartais an Choimisiúin ríthábhachtach d’athbhreithnithe iltaobhacha éifeachtúla agus do ghníomhaíocht bheartais náisiúnta ina dhiaidh sin.

8. AITHNÍONN SÍ go bhfuiltear ag súil le clásal ginearálta éalaithe an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú ó 2023. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá an téarnamh eacnamaíoch a chosaint, agus aird á tabhairt freisin ar éiginnteacht an ionchais eacnamaíoch agus ar thionchair neamhshiméadracha na géarchéime seo, agus é á áirithiú ag an am céanna go mbeidh an beartas fioscach lúfar agus go gcoigeartófar é i bhfianaise na n-imthosca, agus go gcaomhnófar an inbhuaine fhioscach sa mheántéarma.

9. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach agus ar an gcumarsáid maidir leis an measúnú bliantúil ar dhul chun cinn a chur chun feidhme. Tá measúnú rialta ar leibhéal an Aontais agus athbhreithnithe piaraí gaolmhara fós ríthábhachtach chun cur chun feidhme an athchóirithe a chur chun cinn. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh sé roinnt blianta a ghlacadh chun mór-athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme go héifeachtach, agus dá bhrí sin MEABHRAÍTEAR DI na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ann mura n-eiseofaí moltaí beartais maidir le beartais eacnamaíocha struchtúracha ar bhonn bliantúil, lena ngabhfadh measúnú bliantúil.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha á chur chun feidhme ar bhonn leanúnach freisin le linn phaindéim COVID-19 agus i gcomhthéacs na n-éiginnteachtaí eacnamaíocha méadaithe gaolmhara, lena n-áirítear an Tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an Sásra Foláirimh don bhliain 2021 agus na grinn-athbhreithnithe a rinne sé. IARRANN SÍ go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar fhorbairt na míchothromaíochtaí atá ann cheana agus go bhfanfadh sí aireach chun míchothromaíochtaí nua a bhrath agus chun aghaidh a thabhairt orthu freisin. MEABHRAÍTEAR DI go bhféadfaí cuidiú le míchothromaíochtaí a cheartú agus a chosc dá gcuirfí an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun feidhme go pras éifeachtach.

11. TÁ PLEANANNA AICI plé críochnúil a dhéanamh ar an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch a d'athsheol an Coimisiún an 19 Deireadh Fómhair, agus ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar fheidhmiú an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe maidir leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.